# AN tAONTAS EORPACH

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 9 Eanáir 2008**
**(OR. en)**

**Comhad idirinstitiúideach**
**2007/0128(COD)**

**PE-CONS 3698/07**

**DENLEG 140**
**CODEC 1469**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

Ábhar: RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 maidir le héilimh faoi chothú agus faoi shláinte a dhéantar ar bhianna

**RIALACHÁN (CE) Uimh. .../2008**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006**
**maidir le héilimh faoi chothú agus faoi shláinte a dhéantar ar bhianna**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 95 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún**,**

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibhi gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh[2],

---

1 Tuairim an 26 Meán Fómhair 2007 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
2 Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2007 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an ....

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006[1], leagtar síos rialacha maidir le héilimh a úsáidi lipéadú,i gcuri láthair agusi bhfógraíocht ar bhianna.

(2) Toirmisctear éilimh faoi shláinte mura mbeidh siadi gcomhréir leis na ceanglais ghinearálta agus leis na ceanglais shonracha a leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 agus mura n-áirítear iadi liostaí Comhphobail d'éilimh údaraithe faoi shláinte. Tá na liostaí sin d'éilimh faoi shláinte fós le bunú agus nósanna imeachta a shonraítear sa Rialachán sin á leanúint. Dá thoradh sin, ní raibh na liostaí sini bhfeidhm an 1 Iúil 2007, dáta churi bhfeidhm an Rialacháin sin.

(3) Ar an gcúis sin, foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 do bhearta idirthréimhseacha maidir le héilimh faoi shláinte seachas na héilimh a thagraíonn do bhaol galar a laghdú agus d'fhorbairt agus do shláinte leanaí.

(4) Maidir le héilimh faoi shláinte a thagraíonn do bhaol galar a lagdhú, ní raibh aon bheart idirthréimhseach ag teastáil. Mar gheall go dtoirmisctear le Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Márta 2000 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát maidir le lipéadú, curi láthair agus fógraíocht ar earraí bia[2] éilimh a thagraíonn do chosc, do chóireáil agus do leigheas galar, agus mar gheall go dtugtar isteach le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 aicme nua éileamh a thagraíonn do bhaol galar a laghdú, níor cheart do tháirgí a mbeadh na héilimh sin orthu a bheith ar mhargadh an Chomhphobail.

---

1 IO L 404, 30.12.2006, lch. 9. Leagan ceartaithe in IO L 12, 18.1.2007, lch. 3.

2 IO L 109, 6.5.2000, lch. 29. Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2007/68/CE ón gCoimisiún (IO L 310, 28.11.2007, lch. 11).

(5) Tugadh isteach an aicme éileamh a thagraíonn d'fhorbairt agus do shláinte leanaí ag céim an-déanach den nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 a ghlacadh, gan foráil a dhéanamh do bhearta idirthréimhseacha. Tá táirgí a bhfuil éilimh den sórt sin orthu ar mhargadh an Chomhphobail cheana féin, áfach.

(6) D'fhonn cur isteach ar an margadh a sheachaint, is cuí, dá bhrí sin, go gcuirfí éilimh a thagraíonn d'fhorbairt agus do shláinte leanaí faoi réir na mbeart idirthréimhseach céanna leis na héilimh eile faoi shláinte.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 mar seo a leanas:

1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14(1):

"1. D'ainneoin Airteagal 2(1)(b) de Threoir 2000/13/CE, féadfar na héilimh seo a leanas a dhéanamhi gcás ina mbeidh siad údaraithei gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 15, 16, 17 agus 19 den Rialachán seo lena n-áireamhi liosta Comhphobail d'éilimh cheadaithe den sórt sin mar aon leis na coinníollacha is gá chun na héilimh sin a úsáid:

(a) éilimh faoi bhaol galar a laghdú;

(b) éilimh a thagraíonn d'fhorbairt agus do shláinte leanaí.";

2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh d'Airteagal 28(6):

"Éilimh faoi shláinte, seachas na héilimh sin dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(a) agus in Airteagal 14(1)(a), a úsáideadhi gcomhréir leis na forálacha náisiúnta roimh an dáta ar tháinig an Rialachán seoi bhfeidhm, beidh siad faoi réir an méid seo a leanas:".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seoi bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2007.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreachi ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |